Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 19 Bealtaine 2026 (OR. en)

9146/26

Comhad Idirinstitiúideach: 2025/0571(APP)

CADREFIN 211
FIN 662
POLGEN 118

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Creat Airgeadais Ilbhliantúil (2028-2034)<br>– *Díospóireacht bheartais* |

1. I gcomhthéacs an dearbhaithe chomhpháirtigh ó Pharlaimint na hEorpa, ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ón gCoimisiún Eorpach maidir le 'Aon Eoraip Amháin', Treochlár an Mhargaidh Aonair, arna shíniú sa Niocóis an 24 Aibreán 2026, gheall na trí institiúid 'Aon Eoraip Amháin, Aon Mhargadh Amháin' a bhaint amach, i gcomhréir leis na cuspóirí a leag an Chomhairle Eorpach amach i mí an Mhárta 2026, trí dhul chun cinn cinntitheach a dhéanamh in 2026 agus faoi dheireadh 2027 ar a dhéanaí sna cúig bhloc tógála straitéiseacha seo a leanas: (1) rialacha a shimpliú; (2) Margadh Aonair níos comhtháite a bhaint amach, lena n-áirítear trí dheireadh a chur leis na deich mbacainn is díobhálaí; (3) tacú le trádáil láidir; (4) praghsanna fuinnimh a laghdú agus dícharbónú a dhéanamh; agus (5) an claochlú digiteach agus IS a chur chun cinn. Tá glacadh tráthúil Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2028-2034 ríthábhachtach do na cuspóirí sin go léir — is é is aidhm dó tacú le hathchóirithe, comhtháthú agus uas-scálú trasteorann a mhéadú, infheistíocht phoiblí agus phríobháideach a shlógadh, agus cumas an Aontais dul san iomaíocht ar fud an domhain a threisiú.

2. Cumhdaítear sa togra ón gCoimisiún Eorpach don chéad CAI eile roinnt gnéithe lena dtacófar le comhtháthú an Mhargaidh Aonair. Áirítear orthu sin: a) na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí, arb é is aidhm dóibh infheistíochtaí agus athchóirithe a spreagadh lena dtabharfar aghaidh ar bhacainní ar an Margadh Aonair; b) an Ciste Eorpach um Iomaíochas, atá ceaptha chun tacú le tionscail agus teicneolaíochtaí straitéiseacha; c) an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, a mhaoineoidh bonneagar trasteorann; d) ionstraimí spriocdhírithe amhail an Clár um an Margadh Aonair agus Custam, lena ndírítear ar fhorfheidhmiú, caighdeánú agus comhar riaracháin; agus e) an Eoraip Dhomhanda, lena bhféachtar le comhpháirtíochtaí seachtracha a fhorbairt mar bhealach chun leasanna straitéiseacha an Aontais a chur chun cinn.

3. Ar an iomlán, d'fhéadfadh buiséad níos simplí, níos spriocdhírithe agus níos solúbtha rannchuidiú freisin le feabhas a chur ar éifeachtacht na mbeart a bhaineann leis an Margadh Aonair.

4. Agus caibidlíocht á déanamh ar dhul chun cinn CAI 2028-2034, iarrtar ar na hairí machnamh a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir leis an gcéad bhuiséad fadtéarmach eile de chuid an Aontais comhtháthú an Mhargaidh Aonair a chur chun cinn.

   a) Conas is féidir an CAI atá beartaithe agus na hionstraimí a ghabhann leis a úsáid go straitéiseach chun aghaidh a thabhairt ar na bacainní atá fós ann ar an Margadh Aonair, trí infheistíochtaí agus athchóirithe araon?

   b) Conas is féidir le próisis chinnteoireachta bhuiséadacha freagairt go héifeachtach do threochtaí agus do dhúshláin eacnamaíocha atá ag teacht chun cinn laistigh den Mhargadh Aonair, agus a áirithiú go dtacaíonn CAI lena fhorbairt leanúnach agus go mbaineann sé an leas is fearr is féidir as a acmhainneacht?